C/2025/4548

13.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12066 — TRAFIGURA / ARMORINE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4548)

1. An 6 Lúnasa 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Trafigura Group Pte. Ltd. ('Trafigura', Singeapór), trína fhochuideachta ar lánúinéireacht Greenergy International Limited ('Greenergy', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú deiridh Farringford Foundation (Panama),

— Armorine SAS ('Armorine', an Fhrainc).

Gheobhaidh Trafigura, trí Greenergy, rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Armorine ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is trádálaí tráchtearraí é Trafigura arb iad margaí an fhuinnimh, na mianraí agus na miotal an speisialtóireacht atá aige. Tá a fhochuideachta Greenergy gníomhach i soláthar táirgí peitriliam scagtha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus i monarú agus soláthar táirgí bithdhíosail,

— Is dáileoir táirgí ola scagtha agus bealaí sa Fhrainc é Armorine, agus díríonn sé go háirithe ar réigiún Iarthar na Fraince.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12066 — TRAFIGURA / ARMORINE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:
European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË